CINNEADH (CBES) 2021/919 ÓN gCOMHAIRLE

an 7 Meitheamh 2021

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1939 maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Nollaig 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1939 ([1]).

(2) Foráiltear le Cinneadh (CBES) 2018/1939 do thréimhse cur chun feidhme 36 mhí le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh sin ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe maoinithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de.

(3) An 6 Aibreán agus an 16 Aibreán 2021, d'iarr Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta, agus Oifig na Náisiún Aontaithe um an bhFrithsceimhlitheoireacht, ina n-inniúlacht faoi seach mar ghníomhaireachtaí cur chun feidhme, údarú an Aontais chun síneadh a chur le cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2018/1939 go dtí an 30 Samhain 2022 mar gheall ar dhúshláin leanúnacha a eascraíonn as paindéim COVID-19.

(4) Is féidir leanúint de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2018/1939 gan aon impleacht ó thaobh acmhainní airgeadais de go dtí an 30 Samhain 2022.

(5) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2018/1939 a leasú dá réir dá bhrí sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2018/1939:

"*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Rachaidh sé in éag an 30 Samhain 2022.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 7 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
F. VAN DUNEM

([1]) Cinneadh (CBES) 2018/1939 ón gComhairle an 10 Nollaig 2018 maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur (IO L 314, 11.12.2018, lch. 41).